



1. Ráiteas Um Chumhdach Leanaí Ógras

Tá Ógras ann chun seirbhís obair óige a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga idir 7 – 19 mbliana d’aois ar bhun Uile Oileánda. Déantar é seo trí Chlubanna Óige, Campaí Samhraidh, Cúrsaí Oiliúna, Imeachtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta a chur ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga ag suíomhanna éagsúla ar fud na tíre.

Tá cúigear ball foirne fostaithe ag Ógras agus tá triúr acu sin lonnaithe i gCeantar Chúige Laighean – An Stiúrthóir, Oifigeach Cléireachais agus Oifigeach Forbartha Laighean/Uladh. Tá beirt Oifigeach Forbartha eile fostaithe ag an eagraíocht, duine amháin lonnaithe i mBaile Uí Thadhg i gCo. Chiarraí le freagracht do Chúige Mumhan agus an duine eile ag obair ar bhonn páirt-aimseartha lonnaithe i gConamara le freagracht do Chúige Chonnacht.

Tá sé mar aidhm ag Ógras:

- Suíomhanna a chur ar fáil a thugann misneach do dhaoine óga páirt ghníomhach a thógail i bpobal spraoiúil, comhaimseartha labhartha na Gaeilge.
- Clár oibre don aos óg atá spleodrach, éagsúil agus pleanáilte a chur ar fáil trí Ghaeilge a spreagann machnamh cruthaitheach, neartú muiníne agus forbairt shóisialta.

2. Príomhphrionsabail maidir le paistí agus daoine óga a chosaint ó dhochar

Tá Ógras tiomanta do sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil a chuireann chun cinn dea-chleachtas agus a chruthaíonn timpeallacht shábháilte chun páistí agus daoine óga a chosaint ó dhochar. Cinnteoidh sé freisin go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun baill foirne/ceannairí/coistí agus an eagraíocht a chosaint ó líomhaintí féideartha.

Déantar é seo trí na prionsabail a leanas a chur i bhfeidhm san eagraíocht:

- A chinntiú gur leas an linbh an rud is tábhachtaí thar aon ní eile
- Go bhfuil gach duine freagrach as sábháilteacht agus cumhdach leanaí
- Tá sé de cheart ag leanaí go n-éistfí leo agus go dtabharfaí aird ar an méid atá le rá acu.
- Ba cheart ómós a thabhairt do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus ba chóir dul i gcomhairle leo.
- Ba cheart go mbeadh baint ag tusmitheoirí agus cúramóirí le ceisteanna a bhaineann lena dteaghlach ach amháin sa chás go gcuirfeadh sé an páiste i mbaol é seo a dhéanamh

- A chinntiú go bhfuil gach ball foirne, gach duine deonach agus aon duine eile a mbíonn teagmháil acu le páistí curtha faoi réamhscrúdú an Gharda Síochána
- Treoirínte Cosaint Leanaí agus Cód Cleachtais a chur ar fáil do cheannairí agus foireann
- Traenáil a chur ar fáil don fhoireann agus do cheannairí maidir le polasaithe na heagraíochta
- Eolas a roinnt leis na húdaráis chuí ar bhonn riachtanais
- Cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha síos maidir le hearcú agus roghnú foirne agus daoine deonacha
- Foireann agus daoine deonacha a bhainistiú go héifeachtach tríd tacaíocht, traenáil agus maoirseacht
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár Ráitis Cumhdach Leanaí agus ar ár bPolasaí agus Treoirínte Cumhdach Leanaí gach dara bliain nó níos minice má bhíonn gá de bharr athruithe sa reachtaíocht nó polasaí náisiúnta.

DLP: Teagmhálaí Ainmnithe Ógras
Maedhbh Ní Dhónaill
Fón: +353 (0) 86 6018520
R-Phost: maedhbh@ogras.ie
Seoladh: Ógras, 6 Sráid Fhearchair,
BAC 2. D02 VH98

Teagmhálaí Ainmnithe Cúnta:
Anita Nic Amhlaoidh
Fón +353 (0) 857028 787
R-Phost: cathaoirleach@ogras.ie
Seoladh: Gaelscoil Nás na Ríogh,
Cnoc an Phóbaire, Nás,

3. Measúnú Riosca

De réir an Achta, Children First 2015, tá Bord Stiúrtha Ógras tar éis measúnú a dhéanamh maidir le haon dochar a d'fhéadfadh tarlú do pháiste agus iad ag baint leas as seirbhísí na heagraíochta. Tá liosta de na rioscanna agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun na rioscanna sin a bhainistiú achoimrithe thíos:

	Rioscanna Sainaitheanta	Nós Imeachta atá i bhfeidhm chun an riosca a bhainistiú
1	Daoine mí-oiriúnach a earcú	Réamhscrúdú an Gharda Síochána a dhéanamh ar gach duine thar 18 bl. d'aois sula dtéann siad i mbun oibre linn. Teistiméireacht a lorg ó gach ceannaire /fostaí
2	Easpa traenáil cumhdach leanaí	Beidh ar gach ceannaire agus ball foirne an cúrsa ar líne a dhéanamh agus cóip den teastas a chur ar fáil
3	Gan deis a bheith ag páiste nó easpa eolas a bheith ar fáil dóibh chun gearán a dhéanamh	Daoine óga sna clubanna a bheith curtha ar an eolas – ceardlanna eolais a eagrú sna clubanna ar a laghad uair sa bhliain
4	Baol díobhála ó dhaoine eile a bhaineann úsáid as an ionad ag an am céanna leis an chlub	Cloí le Treoirínte Ógras maidir le turais

5	Baol díobhála do bhaill ó cheannairí/baill foirne taobh amuigh de ghnáth láthair an chlub m.sh turais thar oíche.	Cloí le Cód eitice agus dea-chleachtas na heagraíochta. Cloí le Cód Iompair do chruinnithe agus imeachtaí an chlub. Cloí le Treoirlínte do cheannairí i dTreoirlínte Cosaint Leanaí Ógras
6	(a) Gaol mí-oiriúnach idir ball agus duine fásta. (b) Gaol nó eachtra mí-oiriúnach idir beirt ball nó níos mó	A chinntiú go bhfuil gach duine san eagraíocht ar an eolas faoi Pholasaí Cosaint Leanaí agus Treoirlínte cosaint Leanaí Ógras. Traenáil & Oiliúint leanúnach ar Cosaint Páistí a chur ar fáil. Cloí le Cód Iompair na heagraíochta Maoirseoireacht cheart ag clubanna agus imeachtaí
7	Baol go mbeadh mí-úsáid a bhaint as ríomhairí/na meáin shóisialta/fóin nó gléasanna leictreonacha eile sa chlub.	Polasaí Idirlín Ógras
8	Contúirt de bharr gan a bheith ag cloígh leis an chód iompair	A chinntiú go bhfuil eolas agus oiliúint a chur ar cheannairí / foireann agus an choiste faoi Chód Iompair na heagraíochta
9	Baol mí-úsáid a dhéanamh ar dhuine óg de bharr gníomhaíochtaí ar-líne	Cloí le Polasaí & Treoir Ógras maidir le Clubanna agus Campaí ar-líne
10	Easpa maoirseacht ag imeachtaí/club/campa	Cloí le Cód Iompair do chruinnithe agus imeachtaí an chlub.
11	Baol díobhála de bharr tromaíocht ó pháiste eile	Polasaí Frith-Bhulaíocht a chur i bhfeidhm. Ceardlanna frith-bhulaíocht a eagrú le clubanna
12	Cumarsáid idir baill foirne/ceannairí le baill tríd théacsanna, ar na meáin shóisialta, ar ghléas digiteach agus ríomh agus ábhar míchuí a bheith a chuir ar fáil/a scaipeadh.	A chinntiú go bhfuil baill foirne agus ceannairí ar an eolas agus ag cloígh le Polasaí Meáin Shóisialta Ógras
13	Easpa tuairisciú nó tuairisciú déanach ar chontúirt áirithe agus tuairisc a bheith míchruinn de thairbhe sin.	Cloí leis an treoir atá leagtha síos i dTreoirlínte Ógras maidir le tuairisciú. Ba chóir teagmháil a dhéanamh i gcónaí le Teagmhálaithe Ainmnithe Ógras má bhíonn aon chúis imní ag duine.

4. Cumhdach Leanaí – Polasaithe agus Nósanna Imeachta

Is de réir an Children First Act 2015, Children First - Treoirlínte Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí agus Polasaí Cosaint Leanaí Ógras, atá an Ráiteas Cumhdach Leanaí seo curtha le chéile ag Ógras. I dteannta na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Mheasúnú Riosca tá na polasaithe agus nósanna imeachta seo a leanas curtha i bhfeidhm:

- Próiseas chun déileáil le líomhaintí mí-úsáid nó mí-iompar i gcoinne ball foirne nó ceannaire ó pháiste agus iad ag baint leas as ár seirbhísí


- Nós imeachta ina mbeifear faichilleach in earcaíocht/roghnú fostaithe/oibríthe deonacha chun obair le leanaí.
- Nós imeachta ina sholáthrófar oiliúint/faisnéis ar chumhdach leanaí, lena n-áirítear na díobhálacha a aithint.
- Nós imeachta maidir le himní cosaint leanaí nó leasa a thuairisciú chuig Tusla.
- Nós imeachta chun liosta de na daoine (más ann) atá sainordaithe sa tseirbhís ábhartha a choinneáil.
- Nós imeachta chun duine iomchuí a cheapadh.
- Tá na nósanna imeachta ar fad atá liostaithe le fáil ar éileamh.

5. Cur i bhfeidhm

Aithnímid gur próiseas leanúnach é an cur chun feidhme seo. Tá ár seirbhís tiomanta don Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo a chur i bhfeidhm agus na nósanna imeachta a thacaíonn lenár gcuspóirí chun leanaí a choinneáil slán ó dhochar agus iad ag baint leasa as ár gcuid seirbhísí.

Déanfaidh Ógras athbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí seo ar an 6 Iúil 2025 nó a luaithe is gur féidir tar éis athrú ábhartha a bheith déanta in aon ghné a bhaineann leis an ráiteas.

Sínithe:



Stiúrthóir Ógras

Dáta: 6 Iúil 2023

Ainm agus sonraí teagmhála na heagraíochta: Ógras, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. D02 VH98. +353 1 4751487 nó +353 86 6018520 maedhbh@ogras.ie

Má tá ceist ar bith agat déan teagmháil le **MAEDHBH NÍ DHÓNAILL**, Duine Ábhartha de réir an Achta Children First, 2015.

<https://www.tusla.ie/children-first/children-first-guidance-and-legislation/>